

AN FOSTÓIR HORECA THÚ?

Bíodh tuiscint agat
ar do chearta agus
ar d'oibleagáidí!

OIBRITHE SÉASÚRACHA A FHOSTÚ SAN EARNÁIL HORECA: TREOIR D'FHOSTÓIRÍ

An bhfuil baill foirne shéasúracha á n-earcú agat le haghaidh do ghnó fáilteachais nó turasóireachta laistigh den Aontas Eorpach? Seo a leanas príomhphointí lena áirithiú go mbeidh próiseas earcaíochta réidh agus comhlíontach ann.

Riachtanach

Eolas soiléir agus cuimsitheach ar fhostaíocht a chur ar fáil

Ní mór duit oibrithe a chur ar an eolas, i dteanga a thuigeann siad, faoina dtéarmaí agus coinníollacha fostaíochta. Cuir sonraí maidir leis an méid seo a leanas san áireamh:

- Teideal poist, dualgais agus freagrachtaí
- Dáta tosaigh agus an dáta deiridh a bhfuiltear ag súil leis
- Aon tréimhse phromhaidh
- Teidlíochtaí oiliúna (más infheidhme)
- Teidlíochtaí saoire íoctha
- Nósanna imeachta chun deireadh a chur le fostaíocht.
- Pá, forlíontaí agus minicíocht íocaíochta
- Uaireanta oibre, sealanna oibre agus socruithe ragoibre
- Aon chomhaontuithe comhchoiteanna a bhfuil feidhm acu
- Faisnéis slándála sóisialta
- I gcás oibrithe gníomhaireachta sealadacha: céannacht na gcuideachtaí a mbeidh siad ag obair dóibh, a luaithe a bheidh an fhaisnéis sin ar eolas.

Meas a bheith agat ar chearta na n-oibrithe

Tá na cearta saothair agus sóisialta céanna ag oibrithe séasúracha in HORECA agus atá ag fostaithe buana. Áirítear leis sin:

- **Pá cothrom**
- **Dálaí oibre sábháilte**
- **Cosaint ar idirdhealú**

Tá cosc ar idirdhealú:

Cuireann dlí an Aontais cosc ar idirdhealú atá bunaithe ar ghnéas, cine nó eitneacht, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, gnéaschlaonadh nó náisiúntacht.

Cóiríocht d'oibrithe

Má chuireann tú cóiríocht ar fáil nó má shocraíonn tú í, ní mór:

- go mbíonn sí ar phraghas réasúnta agus le téarmaí soiléire maidir le cé a íocann céard
- go gcomhlíonann sí caighdeáin bhunúsacha maidir le:
 - **Glaineacht agus sláinteachas**
 - **Sábháilteacht agus slándáil**
 - **Spás agus taitneamhachtaí**
 - **Cóngarach** don ionad oibre

Sláinte agus sábháilteacht ag an obair a áirithiú

Ní mór d'fhostóirí:

- Oiliúint sláinte agus sábháilteachta a chur ar fáil
- Oibrithe a chur ar an eolas faoi aon rioscaí a bhaineann leis an bpost
- Timpeallacht shábháilte oibre a chothabháil agus cloí le caighdeáin sláinteachais

Oibrithe leochaileacha a chosaint:

Baineann cosaint speisialta le déagóirí, mná torracha, agus máithreacha nua.

Faigh treoir agus tacaíocht

Is féidir le húdaráis áitiúla saothair, fostóirí agus eagraíochtaí ábhartha eile treoir agus cúnamh a chur ar fáil.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar:

- Cóir chomhionann don fhoireann: https://europa.eu/youreurope/business/human-resources/equal-treatment-qualifications/equal-treatment/index_en.htm
- Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi oibrithe a fhostú: https://europa.eu/youreurope/business/human-resources/employment-contracts/index_en.htm

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoi riachtanais speisialta d'oibrithe ar déagóirí iad, tabhair cuairt ar: https://europa.eu/youreurope/business/human-resources/employment-contracts/teenage-workers/index_en.htm



EUROPEAN LABOUR AUTHORITY

European Labour Authority

Landererova 12, 811 09 Bratislava - Slovakia

info@ela.europa.eu

www.ela.europa.eu



**Faigh tuilleadh
eolais ar
shuíomh
gréasáin an
Údaráis Eorpaigh
Saothair**

© An tÚdarás Eorpach Saothair, 2025

Níl an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) ná aon duine a ghníomhaíonn
thar ceann ELA freagrach as úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis
sa doiciméad seo.

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua. Chun aon ghrianghraif nó
ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart ELA a úsáid nó a atáirgeadh,
ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Cóipcheart íomhánna: © iStock.com/Hilch

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

Print ISBN 978-92-9401-961-5 doi:10.2883/2055207 HP-01-25-015-GA-C

PDF ISBN 978-92-9401-960-8 doi:10.2883/9455662 HP-01-25-015-GA-N

**FAIR HORECA
IN EU** 

Work is seasonal. Rights are not